NUACHT LITIR 10/03/2021

Gaelscoil Charraig na Siúire

Ar ais ar scoil

Bhí áthas an domhain orainn na daltaí shóisearacha a fheiceáil ar ais ar scoil an tseachtain seo caite. Tá siad sona sásta ag caint, ag obair is ag spraoi lena gcairde is múinteoirí is cúntóirí gach lá ar scoil. Táimid ag súil go mór le fáilte mhór a chur roimh ranganna 4,5,6 an Luan seo chugainn.

Chuige sin, iarraimis ar gach duine obair lena chéile chun ár scoil a choimeád oscailte. Iarraimis oraibh cloí leis na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm.

Ná cuir do pháiste ar scoil má tá sé/sí tinn nó má tá aon chomharthaí Covid 19 air/uirthi.

Déan cinnte nach bhfuil sibh ag bailiú le chéile ag am teacht isteach ar maidin nó am dul abhaile um thráthnóna.

Cinntigh scaradh shóisialta an t-am ar fad agus caith masc nuair atá sibh ar thalamh na scoile .

Má tá ort teacht chun na scoile i rith an lae, is gá glaoch a chur ar Áine Máire san oifig roimh theacht.

Back at school

We were delighted to see our junior classes back in school last week. They are so happy chatting ,working and playing with their friends, teachers and SNA staff every day. We are so looking forward to welcoming Ranganna 4,5,6 back to school next Monday.

With this in mind, we ask that we all work together to help keep our school open. We remind you to abide by the guidelines that have been put in place.

Please do not send your child into school if he/she is unwell or is displaying any of the symptoms of Covid 19.

Ensure that you are not congregating at drop off and collection times.

Practice social distancing at all times and wear a mask when on school grounds.

If you need to come to the school for any reason during the day, please call Áine Máire in the office in advance of arriving.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

SPACE

Seachtain na Gaeilge

Beimid ag ceiliúradh Seachtain na Gaeilge ar scoil an tseachtain seo chugainn le himeachtaí agus gníomhaíochtaí sa seomra ranga.

Beidh Lá Glas againn ar an Máirt an 16ú Márta. Is féidir leis na páistí teacht ar scoil gléasta i ndath glas. Tá sé deacair rudaí a aimsiú sna siopaí na laethanta seo ,mar sin, ná bíodh buairt oraibh! Is leor geansaí glas nó banda gruaige glas má tá sé agat sa bhaile.

Beidh an scoil dúnta ar an gCéadaoin an 17ú do Lá Fhéile Pádraig.

We will be celebrating Seachtain na Gaeilge in school next week with lots of exciting activities in the classroom.

We will have a Green Day on Tuesday the 16th March. During these Covid times, it may be difficult to access the shops so please do not worry! A green jumper or hairband will do .

School will be closed on Wednesday the 17th for St Patrick's Day.

Skipping Rhymes for fun at home during Seachtain na Gaeilge

Naí Bheaga/Naí Mhóra

Aon, Dó
Aon, dó,
Capall is bó,
Trí, ceathair,
Bróga leathair,

Cúig, sé,
Cupán tae,
Seacht, ocht,
Seanbhean bhocht,
Naoi deich,
Císte te!

Cé hé do Leannán
Cé hé do leannán?
Cé hé do ghrá?
An dtosaíonn a ainm le hÁ nó Bá?

Leag an Bord
Leag an bord,
Leag an bord,
Scian is forc
Is plátai in ord.
Piobar dubh,
Piobar dubh,
Prátaí nua
Is cúpla ubh.

Naí Mhóra/Rang 1

Scipeáil suas is scipeáil síos
Scipeáil suas is scipeáil síos
Scipeáil timpeall is timpeall arís
Buail do bhosa a haon, a dó, a trí
Tig liom scipeáil go Sciobairín!

Taispeántas

Úlla, Cnónna is Plumaí
Úllaí, cnónna is plumaí ar chrann,
Cathain a bheidh do bhreithlá ann?
Eanáir, Feabhra ……
Bainne na nGabhar nó Bainne na mBó

Bachlóg' ar Chrann
Bachlóg' ar chrann,
Bachlóg' ar chrann,
Ní fada go mbeidh mo bhreithlá ann,
Eanáir, Feabhra, Márta….

Rang 1 suas

Bainne na ngabhar nó bainne na mbó,
Prátaí rósta is neart im leo!
Comhair na prátai a gheobhaidh tú féin,
Níos mó ná dó, níos lú ná sé?
-A haon, a dó, a trí, a ceathair…